Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

12987/25

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0244 (NLE)**

**ACP 88**
**COAFR 243**
**COLAC 152**
**COASI 103**
**RELEX 1188**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Airí ESACC-AE a mhéid a bhaineann le Treoirlínte Comhpháirteacha a ghlacadh maidir le hidirphlé comhpháirtíochta a dhéanamh dá bhforáiltear in Airteagal 3 de Chomhaontú Shamó<br>- Glacadh |

1. An 31 Bealtaine 2024, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Airí OACPS-AE maidir le treoirlínte comhpháirteacha a ghlacadh chun idirphlé comhpháirtíochta a dhéanamh faoi Airteagal 3 den Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, den pháirt eile (14345/24 + ADD 1).

2. Phléigh Meitheal ACC an togra thuasluaite agus tháinig sí ar chomhaontú maidir le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle ar a leibhéal féin an 4 Iúil 2025.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh go ndéanfaidh an Chomhairle an méid seo a leanas, ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo:

– an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle na nAirí AE-ESACC a mhéid a bhaineann le Treoirlínte Comhpháirteacha a ghlacadh maidir le seoladh an idirphlé comhpháirtíochta dá bhforáiltear in Airteagal 3 de Chomhaontú Shamó, mar a leagtar amach in 11261/25 + ADD 1 é, tar éis do na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch a chur air, a ghlacadh;

– a ordú go bhfoilseofar an Cinneadh ón gComhairle in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

– a ordú go bhfoilseofar an cinneadh ó Chomhairle na nAirí AE-ESACC, a luaithe a ghlacfar é, san Iris Oifigiúil;

– Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoi ghlacadh an Chinnidh ón gComhairle.